TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Comhdháil Chosanta Leanaí

Bileog Eolais do Thuismitheoirí

signs of safety®

Tá an bhileog seo scríofa againn le cuidiú leat a thuiscint cén fáth ar eagraigh muid Comhdháil Chosanta Leanaí do do pháiste. Má bhíonn ateangaire nó comharthóir de dhíth ort, cuirfidh d'Oibrí Sóisialta duine oiriúnach ar fáil.

Cad is Comhdháil Chosanta Leanaí ann?

Má bhíonn Oibrí Sóisialta buartha go bhfuil páiste i mbaol leanúnach dochair ó mhíúsaid ag a thuismitheoirí, féadfaidh sé nó sí Comhdháil Chosanta Leanaí (CCL) a iarraidh. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an tOibrí Sóisialta agus a bhainisteoir chomh buartha sin faoi shábháilteacht do pháiste go gcaithfidh muid bualadh leat, le do Ghreasán Sábháilteachta (daoine a bhfuil múinín agat astu cuidiú leat do pháiste a choinnéail sábháilte), agus leis na gairmithe i saol do pháiste. Deanaímid é seo ionas gur féidir linn a bheith ag caint faoi:

- An bhuairt atá orainn faoi do pháiste
- Rudaí a choinníonn do pháiste sábháilte
- An méid a chaithfidh tarlú le do pháiste a choinneáil sábháilte sa todhchaí

Cad is Aidhm don Chomhdháil?

Is aidhm linn do pháiste a choinneáil sábháilte, agus do thuairimí a chlúinstin. Is iad na gairmithe amháin ag an gComhdháil a chinneann má tá do pháiste i mbaol leanúnach dochair ó mhíúsaid. Má chinnimid go bhfuil do pháiste i mbaol leanúnach dochair, cuirfidh muid iad ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí (CFCL). Mínítear an CFCL ar leathanach 6.
Ag an gcomhdháil, iarrfaidh muid smaointe ort agus ar do Ghreasán Sábháilteachta faoi conas an baol dochair a réiteach. Úsáidfidh muid an t-aiseolas seo le plean fadtearmach a chur le chéile a choinneoidh do pháiste sábháilte, tugtar (CL) Plean Sábháilteachta Chosaint Leanaí air seo.

Scríobhfaimid tuairisc shoiléir ar an gcruinniú agus ar an méid a tháinig amach as do gach duine a bhí páirteach

Cé a fhreastlaíonn ar Comhdháil Chosanta Leanaí?

- Tuismitheoirí
- Is féidir le haon pháiste thar 12 bliain d'aois a theacht chuig cuid de nó an CCL uilig
- Daoine atá tábhachtach duit agus do do pháiste, agus ar féidir leo iad a choinnéail sábháilte - tugaímid an 'Gréasán Sábháilteachta' ar an ngrúpa seo
- Duine tacaíochta do na tuismitheoirí nó don pháiste
- Aon duine gairimiúil (duine a d'oibrigh le do pháiste, cosúil le múinteoir, Oibrí Oige, Garda, Dochtúir, nó Bánaltra) a raibh baint dhíreach aige roimhe leat nó le do pháiste
- Nótaire
- Oibrí Sóisialta de chuid Tusla agus a bhainisteoir
- Cathaoirleach an CCL

Céard a tharlaíonn ag an gComhdháil?

Roinneann gach duine eolas; d'fhéadfadh daoine mar seo a bheith i gceist: Tuismitheoirí, Oibríthe Sóisialta, Altra Sláinte Poiblí (ASP), DG (Dochtúir Teaghlaigh), An Scoil, Séirbhisí Teiripe agus an Gréasán Sábháilteachta. Is iad na ceisteanna a chuirimid ná:

- Céard faoi a bhfuil muid buartha?
- Céard a bhfuil ag éirí leis?
- Céard a chaithfidh tarlú?

- **Ceard faoi a bhfuil muid buartha?**

Pléimid an méid a tharla a chuir imní orainn agus an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar do pháiste agus an imní atá orainn faoi do pháiste amach anseo. Ina measc seo, tá rudaí atá ag tarlú i saol do theaghlaigh a dhéanann aon fhadhb deacair le déileail leis.

Céard a bhfuil ag éirí leis?

Labhraímid faoi na rudaí a bhfuil tusa nó daoine eile i saol do pháiste iontach maith acu agus a chuireann an páiste ar a chompord sa bhaile. Ina measc seo, tá : rudaí a dhéanann tusa nó daoine eile cheana a dhéanann do pháiste sábháilte agus ceart go leor sa bhaile fiú nuair a éiríonn rudaí deacair.

An Scála Sábháilteachta

Úsáidimid uimhreacha ó '0' go '10' le sábháilteacht thimpeallacht do pháiste a mheas. Ciallaíonn a '10' go bhfuil sé iontach sábháilte agus is féidir linn an cás a dhruidim. Ciallaíonn a '0' go bhfuil muid cinnte de go ndéanfar dochar do do pháiste nó go ndéanfar míúsáid dó.

Tríd an modh measa seo, iarraímid ort, ar bhaill do ghréasáin sábháilteachta, agus ar na gairmithe a mheas cé chomh sábháilte a chreideann siad go bhfuil do pháiste nó páistí.

Scálú

0	1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

0 Tá dochar á dhéanamh don pháiste

10 Tá an páiste sábháilte

Céard a chaithfidh tarlú?

Caithfidh muidne in Tusla, tusa, do Ghréasán Sábháilteachta agus aon ghairmí eile atá bainteach leis an gcás a bheith sásta go bhfuil do pháiste sábháilte. Cumaimid cuspóirí le chéile agus plean chun iad a chur i gcrích. Cuidíonn gach duine ag an gComhdháil oibriú amach céard is féidir leo a dhéanamh chun cabhrú leat do pháiste a choinneáil sábháilte.

Céard a tharlaíonn i ndiaidh na Comhdhála?

Cruinnithe Gréasáin Sábháilteachta:

Buailfidh Oibrí Sóisialta leat agus leis na daoine sa Ghréasán Sábháilteachta. Ag an gcruinniú seo, forbrófar an Plean Sábháilteachta do do pháiste níos cruinne.

An Chomhdháil Chosanta Leanaí Athbhreithnithe:

Déanfar an Plean Sábháilteachta CCL seo a athbhreithniú taobh istigh de 6 mhí. Ag an athbhreithniú seo, cinneofar an bhfuil ag éirí leis an bplean Sábháilteachta CCL. Úsáidfidh gach duine i láthair an scála sábháilteachta chun seo a mheas. Cinnfidh na gairmithe i láthair cé acu síleann said go bhfuil do pháiste i mbaol leanúnach dochair ó mhíúsáid nó nach bhfuil.

Má chinneann said nach bhfuil do pháiste i mbaol leanúnach dochair ó mhíúsáid, bainfear ainm do pháiste den CFCL (Mínítear an CFCL ar leathanach 6). Leanfaidh muid dár n-obair leat, le do theaghlach agus le do Ghréasán Sábháiltachta le cinntiú go bhfuil ag éirí leis an bPlean Sábháilteachta do pháiste a choinneáil sábháilte agus le haontú céard is gá a dhéanamh fós sular féidir linn cás do pháiste a dhruidim le Tusla.

Próiseas Achomhairc

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh na comhdhála, tabharfar eolas duit faoi conas achomharc a dhéanamh.

Is féidir leat dul i dteagmháil le Cathaoirleach an CCL freisin. Tabharfaidh siad comhairle duit faoi cad is féidir leat a dhéanamh ina dhiaidh sin.

Céard é an CFCL?

Is bunachar sonraí slán é an Córas Fógra um Chosaint Leanaí (CFCL). Stórálann sé taifead náisiúnta de na páistí go léir:

- atá i mbaol leanúnach dochair
- a bhfuil imní leanúnacha faoi chosaint leanaí ann maidir leo

Cuidíonn an CPNS le grúpa beag daoine gairmiúla cinntí a dhéanamh faoi shábháilteacht páiste. Ní féidir ach le daoine áirithe an CPNS a fheiceáil. Ina measc, tá:

- Oibrithe Sóisialta de chuid Tusla
- Baill den Gharda Síochána
- Liachleachtóirí Ginearálta lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre

Nuair a chinntear nach bhfuil an páiste i mbaol leanúnach dochair a thuilleadh, athrófar a thaifead ó ghníomhach go neamhghníomhach. Ar a 18ú breithlá, scriosfar a thaifead ón CFCL.

Rúndacht

Tá Tusla agus gach seirbhís faoi cheangal ag rúndacht agus tá dualgas orthu eolas a choinneáil sábháilte chun tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcoinníonn tú d'eolas agus eolas do pháiste sábháilte freisin.

Próiseálfar do shonraí pearsanta de réir na reachtaíochta ábhartha um chosaint sonraí agus ceanglais dhlíthiúla eile a bhfuil dualgas ar Tusla cloí leo. Tá sonraí iomlána ar Pholasaí Príobháideachta Tusla (ina leagtar amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas maidir le do cheart mar ábhar sonraí) ar fáil sa Rannán Fúinn (Saoirse Faisnéise, Cosaint Sonraí agus Rochtain Riaracháin) ar ***www.tusla.ie***

Próiseas Déanta Gearán

Más mian leat gearán a dhéanamh, iarraimid ort teagmháil a dhéanamh leis an mball foirne i gceist chun an scéal a réiteach. Tá bileog a mhíníonn an próiseas seo ar fail ag www.tusla.ie.

TUSLA

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

www.tusla.ie